snas.ie

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

# FORBAIRT GHAIRMIÚIL DO MHÚINTEOIRÍ
## TEAGASC AR LÍNE

## AN BOSCA CABAIREACHTA

# AG FREAGAIRT CEISTEANNA

### Aidhm

Ag fáil amach cad atá ar eolas ag foghlaimeoirí.

Is féidir é seo a dhéanamh mar chleachtadh tuisceana, mar chleachtadh gramadaí nó mar réamhchleachtadh ag tús an ranga.

### Treoir

Iarr ar na foghlaimeoirí freagra ar cheist a scríobh sa bhosca cabaireachta (ceist ghramadaí / ceist ghinearálta / ceist tuisceana) ach caithfidh gach éinne an freagra a scríobh ag an am céanna, nuair a chuireann an múinteoir in iúl go bhfuil sé in am tosú. Sampla (ceist ghinearálta): 'Táim chun comhaireamh ó 10 go dtí 1 – nuair a shroichim 1, scríobhadh gach éinne rud éigin a rinne siad ag an deireadh seachtaine'. Ansin beidh bailiúchán abairtí / freagraí bailithe sa bhosca cabaireachta.

### Forbairt / Nótaí

Iarr ar na foghlaimeoirí ceisteanna a chur ar a chéile bunaithe ar an méid atá scríofa sa bhosca: Sampla Deir Aoife: 'A Phóil, d'imigh tú go dtí an cluiche rugbaí – conas a d'éirigh leat?' agus mar sin de. Nó más cleachtadh gramadaí a bhí sa cheist, iarr orthu na freagraí a cheartú / a phlé le chéile.